# Machnamh ar na Gnéithe

Oide

Is iad na gnéithe na próisis a mbíonn an páiste gníomhach iontu agus é ag dul i dtreo líofachta sa mhatamaitic. Beidh páistí ag plé leis na próisis i ngach ceann de na ceithre chatagóir ag an am céanna.

| **Tuiscint agus Ceangal** | |
|---|---|
| Am a ghlacadh le machnamh a dhéanamh | |
| Idirghníomhú agus comhoibriú le piaraí | |
| Foghlaim agus smaointe nua a cheangal le foghlaim agus smaointe roimhe sin | |
| Naisc agus coibhneasa a dhéanamh idir smaointe, nósanna imeachta agus réitigh | |
| Foghlaim a cheangal thar shnáitheanna matamaiticiúla agus taobh amuigh den Mhatamaitic | |
| Tabhairt faoi fhoghlaim a chuireann an leibhéal dúshláin cuí ar fáil | |
| *Bí fiosrach agus nuálach* | |
| **Cumarsáid** | |
| Teanga mhatamaiticiúil a fhoghlaim, a úsáid agus a chur i bhfeidhm | |
| A gcuid smaointe a chur in iúl agus a gcuid smaointeoireachta a roinnt le daoine eile | |
| A smaointeoireacht a shamhaltú agus a léiriú ar bhealaí éagsúla | |
| Comparáid a dhéanamh idir na bealaí a chuireann siad féin agus daoine eile a gcuid smaointe i láthair | |
| A loighic a chosaint | |
| Éisteacht le daoine eile | |
| *Bí oscailte, muiníneach agus sóisialta* | |
| **Réasúnaíocht** | |
| Smaointe, straitéisí agus réitigh a anailísiú agus a oibriú amach | |
| Argóint a dhéanamh ar a son a gcuid smaointeoireachta agus í a chosaint | |
| Fianaise a cheistiú agus a mheas | |
| A gcuid foghlama a ghinearálú go réimsí eile | |
| Teacht ar thuiscint conas a dhéanann a smaointe agus a dtuairimí ciall agus údar a thabhairt leo | |
| *Bí loighciúil agus anailíseach* | |
| **Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna** | |
| Dul i ngleic le réimse fadhbanna cuí atá bunaithe ar chomhthéacsanna fiúntacha | |
| Ceapadh fadhbanna | |
| Iniúchadh agus fiosrú a dhéanamh ar bhealaí le fadhbanna a réiteach | |
| Comparáid a dhéanamh idir smaointe, straitéisí agus cuir chuige | |
| Cinneadh a dhéanamh agus Matamaitic a chur i bhfeidhm i gcás cásanna fíorshaoil | |
| Réitigh a léirmhíniú agus a mheas | |
| *Bí cruthaitheach agus fiontrach* | |